Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Samhain 2020
(OR. en)

9890/2/20
REV 2 ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0204(COD)

JUSTCIV 85
EJUSTICE 60
COMER 70
CODEC 674
PARLNAT 115

# RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó in ábhair tráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit (doiciméid a sheirbheáil) (athmhúnlú)<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– a ghlac an Chomhairle an 4 Samhain 2020 |

# I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an Coimisiún an togra thuasluaite[1] le haghaidh athbhreithniú ar an 31 Bealtaine 2018, agus chuir sé faoi bhráid na Comhairle agus na Parlaiminte é. Is é is bunús dlí leis Airteagal 81 (2) (comhar breithiúnach in ábhair shibhialta) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus é faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

2. Is ionstraim thábhachtach don chomhar breithiúnach Eorpach é Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Seirbheáil Doiciméad. Is é is creat do tharchur doiciméad idir na Ballstáit in ábhair shibhialta nó tráchtála. Is é is aidhm don togra le haghaidh athbhreithniú na sásraí comhair agus na sreafaí oibre tarchuir atá sa rialachán atá ann cheana a chur in oiriúint do na forbairtí teicniúla a chuireann an digiteáil agus úsáid theicneolaíocht TF ar fáil. Go háirithe, iarrtar sa togra ón gCoimisiún go mbunófaí córas TF díláraithe agus go mbeadh sé éigeantach an córas sin a úsáid agus iarrataí agus doiciméid á malartú idir údaráis na mBallstát. Cuspóir tábhachtach eile atá bunaithe ar fhorbairt TF is ea sásraí na seirbhíse dírí trasteorann a neartú trí sheirbhís leictreonach shlán a cheadú, agus coimircí nós imeachta a áirithiú do na páirtithe ag an am céanna.

3. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an tuairim uaidh[2] maidir leis an togra seo agus maidir leis an togra le haghaidh rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála (An Togra maidir le Fianaise a Ghlacadh) an 17 Deireadh Fómhair 2018. Mheas Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an dá thogra a bheith i gcomhréir leis an straitéis um an margadh digiteach maidir le r-rialtas, go háirithe i dtaca leis an ngá atá le céimeanna a thabhairt chun an riarachán poiblí a nuachóiriú agus idir-inoibritheacht trasteorann a bhaint amach.

---

1 9622/18.
2 14013/18.

4. An 13 Feabhra 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh i dtaca leis an togra maidir le doiciméid a sheirbheáil, ina raibh 64 leasú ar an togra ón gCoimisiún, le 563 vóta ar a shon agus 27 ina aghaidh, agus 9 staonadh.

5. An 13 Meán Fómhair 2019, thíolaic an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí Tuairim 5/2019 i ndáil leis an togra agus leis an togra maidir le Fianaise a ghlacadh[3].

6. Ag Comhairle CGB i mí an Mheithimh 2019, chomhaontaigh na hairí gur cheart, i gcomhthéacs an rialacháin seo agus an Rialacháin maidir le Fianaise a Ghlacadh, an comhar breithiúnach idir na húdaráis a bheith bunaithe ar chóras TF díláraithe slán ina mbeadh córais TF náisiúnta idirnasctha.

7. Foráiltear i dtéacs an Rialacháin nua atá beartaithe gurb é an Coimisiún a bheidh freagrach as na bogearraí cur chun feidhme tagartha a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt amach anseo. Ós rud é nach raibh – sa bhuntogra ón gCoimisiún – aon ráiteas airgeadais maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar bhuiséad an Aontais, d'ullmhaigh an Uachtaránacht, i gcomhar leis an gCoimisiún agus i gcomhréir le hAirteagal 35(1) fomhír 2 de Rialachán Airgeadais an Aontais[4], ráiteas táscach airgeadais[5] ina leagtar amach an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag na leasuithe ar an mbuiséad.

8. An 2-3 Nollaig 2019, tháinig an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile ar chur chuige ginearálta maidir leis an gcuid normatach den Rialachán atá beartaithe agus d'iarr sí go gcuirfí bailchríoch ar an leibhéal teicniúil, a luaithe is féidir, ar an obair a bhaineann lena bhfuil fanta de na haithrisí agus iarscríbhinní[6]. I mí Feabhra 2020, tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta forlíontach[7].

---

[3] 12245/19.
[4] IO L 193, 30.7.2018, lch.1.
[5] 14427/19.
[6] 14599/19 ADD1, ADD2.
[7] 5722/20.

9. De bhun Airteagal 3 de Phrótacal (Uimh. 21) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, rinne Éire rogha a bheith páirteach sa togra seo.[8] I gcur i bhfeidhm Phrótacal (Uimh. 22) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Danmhairge, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na mbeart atá beartaithe.

10. Ar bhonn chur chuige ginearálta mhí na Nollag 2019 agus mhí Feabhra 2020, chuaigh an Uachtaránacht i dteagmháil le Parlaimint na hEorpa, d'fhonn teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh.

11. Tionóladh dhá chruinniú tríthaobhacha, an 29 Eanáir 2020 agus an 30 Meitheamh 2020, agus an deis ag ionadaithe na hUachtaránachta agus Pharlaimint na hEorpa príomh-phointí a seasamh a leagan amach agus féachaint faoi na roghanna atá ann maidir le teacht ar chomhaontú. Ba é toradh an phlé sin go raibh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaigne maidir le dréacht-phacáiste comhréitigh[9].

12. Le linn an dara cruinniú tríthaobhach, comhaontaíodh freisin, le tacaíocht ón gCoimisiún, gur cheart an Rialachán atá beartaithe maidir le Seirbheáil Doiciméad a chur i láthair agus a ghlacadh mar athmhúnlú ar an Rialachán atá ann faoi láthair maidir le Seirbheáil Doiciméad.

13. An 22 Iúil 2020, dheimhnigh COREPER II téacs comhréitigh athmhúnlaithe d'fhonn teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa[10].

---

[8] An 23 Deireadh Fómhair 2018, roghnaigh Éire a bheith páirteach in 13482/18. De bhun an phrótacail chéanna, roghnaigh an Ríocht Aontaithe an 26 Deireadh Fómhair 2018 a bheith páirteach in 13622/18.

[9] 9248/20.

[10] 9678/20 + ADD 1.

14. An 10 Meán Fómhair 2020, d'fhormhuinigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Dlíthiúla an pacáiste comhréitigh maidir le hathmhúnlú. An 30 Meán Fómhair, chuir Cathaoirleach Choiste JURI litir chuig Cathaoirleach COREPER II chun a chur in iúl dó go molfadh sé don Seisiún Iomlánach, dá dtarchuirfeadh an Chomhairle a seasamh chuig Parlaimint na hEorpa go foirmiúil san fhoirm ina bhfuil sé ar fáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an litir sin[11], an seasamh ón gComhairle a ghlacadh gan leasú, faoi réir fíorú ó thaobh dlí agus teanga, ar an dara léamh ó Pharlaimint na hEorpa.

## II. CUSPÓIR

15. Leis an Rialachán seo (athmhúnlú), féachtar le feabhas a chur ar fud an Aontais ar éifeachtúlacht agus ar luas sheirbhís trasteorann na ndoiciméad breithiúnach agus seachbhreithiúnach trí leas a bhaint as buntáistí an digitithe chun na nósanna imeachta maidir le tarchur iarrataí agus le seirbheáil dhíreach a shimpliú agus a chuíchóiriú. A bhuí leis an Rialachán sin, beidh deimhneacht dhlíthiúil níos fearr ann, rud a bheidh na chuidiú chun moilleanna agus costais mhíchuí a sheachaint do dhaoine aonair, do ghnólachtaí agus do chórais riaracháin phoiblí, agus daoine aonair agus gnólachtaí a spreagadh chun níos mó fós idirbhearta trasteorann a dhéanamh.

16. Is é is aidhm don togra digitiú a dhéanamh ar tharchur iarrataí ar sheirbheáil doiciméad idir údaráis inniúla na mBallstát éagsúil. Chun na críche sin, éilítear sa Rialachán seo go mbunófaí córas TF díláraithe. Ba cheart don Choimisiún a bheith freagrach as bogearraí cur chun feidhme tagartha a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt amach anseo, agus ba cheart é a bheith de rogha ag na Ballstáit na bogearraí sin, seachas córas náisiúnta TF, a úsáid, i gcomhréir le prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú.

[11] 11357/20

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### A. COMHTHÉACS AN NÓS IMEACHTA

17. Chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle caibidlíocht ar bun d'fhonn teacht ar chomhaontú ag céim sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh ("comhaontú luath ar an dara léamh"). Le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh, léirítear an pacáiste comhréitigh a comhaontaíodh idir an dá chomhreachtóir, le tacaíocht ón gCoimisiún.

### B. ACHOIMRE AR NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA

18. Is ar na gnéithe seo a leanas a dhírítear sna príomh-mhodhnuithe:

- Cuirfidh na Ballstáit cúnamh ar fáil chun seoladh an té a bhfuiltear chun seirbheáil air a chinneadh.

- Is trí chóras TF díláraithe slán iontaofa ina mbeidh córais TF náisiúnta atá idirnasctha agus idir-inoibritheach go teicniúil – bunaithe ar e-CODEX, mar shampla – is ceart gach cumarsáid agus malartú doiciméad a dhéanamh. Ina theannta sin, déantar foráil ann go ndéanfar an chumarsáid agus an malartú sin agus urraim chuí á tabhairt do chearta agus do shaoirsí bunúsacha. Níor cheart modhanna traidisiúnta cumarsáide a úsáid ach i gcásanna ina gcuirtear isteach ar an gcóras TF nó in imthosca eisceachtúla eile.

- Ba cheart sásraí na seirbhíse dírí trasteorann a neartú trí sheirbhís leictreonach a cheadú idir na Ballstáit, agus coimircí nós imeachta á n-áirithiú do na páirtithe ag an am céanna.

- Leasuithe ar an riail maidir le diúltú glacadh le doiciméad mar gheall ar an teanga inar scríobhadh.

## IV. CONCLÚID

19. Léirítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an pacáiste comhréitigh a comhaontaíodh idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, le tacaíocht ón gCoimisiún.

20. Mar a léirítear i mír 14 thuas, deimhníodh an pacáiste comhréitigh sin le litir ó Chathaoirleach Choiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Dlíthiúla a seoladh chuig Cathaoirleach COREPER II, an 30 Meán Fómhair[12].

21. Creideann an Chomhairle gur pacáiste cothrom atá sa seasamh uaithi ar an gcéad léamh agus go gcuirfidh an Rialachán nua go mór, a luaithe a ghlacfar é, le héifeachtúlacht agus le luas sheirbheáil trasteorann doiciméad trí leas a bhaint as buntáistí an digitithe.

---

[12] Féach 11357/20